



---

*Uimhir 25 de 2006*

---

**AN tACHT UM INSTITIÚIDÍ TEICNEOLAÍOCHTA 2006**  
[*An tiontú oifigiúil*]

---

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, tosach feidhme agus comhlua.
2. Míniú.

CUID 2

LEASÚ AR ACHTANNA NA gCOLÁISTÍ TEICNIÚLA RÉIGIÚNACHA

3. Leasú ar alt 2 d'Acht RTC.
4. Leasú ar alt 3 d'Acht RTC.
5. Alt 3A d'Acht RTC a aisghairm.
6. Leasú ar alt 5 d'Acht RTC.
7. Saoirse acadúil.
8. Leasú ar alt 7 d'Acht RTC.
9. Leasú ar alt 8 d'Acht RTC.
10. Leasú ar alt 9 d'Acht RTC.
11. Leasú ar alt 10 d'Acht RTC.
12. Leasú ar alt 11 d'Acht RTC.
13. Forálacha i ndáil le foireann áirithe.
14. Leasú ar alt 12 d'Acht RTC.
15. Leasú ar alt 13 d'Acht RTC.
16. Leasú ar alt 14 d'Acht RTC.
17. Aisghairm ar alt 15 d'Acht RTC.

[Uimh. 25.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[2006.]

18. Leasú ar alt 16 d'Acht RTC.
19. Leasú ar alt 18 d'Acht RTC.
20. Leasú ar alt 20 d'Acht RTC.
21. Leasú ar alt 21 d'Acht RTC.
22. Rialú institiúidí teicneolaíochta.
23. Éifeacht orduithe áirithe.
24. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht RTC.
25. Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht RTC.
26. Leasú ar an Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht RTC.
27. Leasú ar Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (Leasú) 1994.
28. Leasú ar alt 9 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (Leasú) 1999.

CUID 3

LEASÚ AR NA HAHTANNA UM INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE  
ÁTHA CLIATH

29. Leasú ar alt 2 d'Acht DIT.
30. Leasú ar alt 3 d'Acht DIT.
31. Leasú ar alt 5 d'Acht DIT.
32. Saoirse acadúil.
33. Leasú ar alt 7 d'Acht DIT.
34. Leasú ar alt 8 d'Acht DIT.
35. Leasú ar alt 9 d'Acht DIT.
36. Leasú ar alt 10 d'Acht DIT.
37. Leasú ar alt 11 d'Acht DIT.
38. Leasú ar alt 12 d'Acht DIT.
39. Forálacha i ndáil le foireann áirithe.
40. Leasú ar alt 13 d'Acht DIT.
41. Leasú ar alt 14 d'Acht DIT.
42. Leasú ar alt 15 d'Acht DIT.
43. Alt 16 d'Acht DIT a aisghairm.
44. Leasú ar alt 17 d'Acht DIT.
45. Leasú ar alt 19 d'Acht DIT.



[Uimh. 25.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[2006.]

NA hACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993	1993, Uimh. 8
An tAcht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Leasú) 1994	1994, Uimh. 31
An tAcht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath 1992	1992, Uimh. 15
Na hAchtanna um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath 1992 go 2001	
Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 1971	1971, Uimh. 22
An tAcht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) 1980	1980, Uimh. 8
Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999	1999, Uimh. 26
Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (Leasú) 1994	1994, Uimh. 29
Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (Leasú) 1999	1999, Uimh. 20
Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992	1992, Uimh. 16
Achtanna na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992 go 2001	
Acht na nOllscoileanna 1997	1997, Uimh. 24
An tAcht Gairm-Oideachais (Leasú) 1944	1944, Uimh. 9
An tAcht Gairmoideachais (Leasú) 2001	2001, Uimh. 23
An tAcht Oideachais Ghairme Beatha 1930	1930, Uimh. 29
Na hAchtanna Gairmoideachais 1930 go 2001	



---

Uimhir 25 de 2006

---

**AN tACHT UM INSTITIÚIDÍ TEICNEOLAÍOCHTA 2006**

[An tiontú oifigiúil]

---

ACHT DO LEASÚ ACHTANNA NA gCOLÁISTÍ TEICNIÚLA RÉIGIÚNACHA 1992 GO 2001, DO LEASÚ NA nACHTANNA UM INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH 1992 GO 2001, DO LEASÚ ACHT AN ÚDARÁIS UM ARD-OIDEACHAS 1971, DO LEASÚ ACHT NA nOLLSCOILEANNA 1997, DO LEASÚ ACHT NA gCÁILÍOCHTAÍ (OIDEACHAS AGUS OILIÚINT) 1999, D' AISGHAIRM AILT 19, 37 AGUS 38 DEN ACHT GAIRMOIDEACHAIS (LEASÚ) 2001, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.  
[16 Iúil, 2006]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal,  
tosach feidhme agus  
comhlua.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) Más rud é, díreach roimh dheireadh na tréimhse bliana ó dháta rite an tAcht seo, nach mbeidh feidhm an Achta seo tosaithe le hordú faoin alt seo nó go bhfuil aon fhoráil nó aon fhorálacha a bhfuil a feidhm nó a bhfeidhm fós le tosú le hordú den sórt sin (lena n-áirítear maidir le críoch ar leith), tiocfaidh an tAcht seo nó an fhoráil nó na forálacha sin i ngníomh (nó i gcás forála nó forálacha den sórt sin a bhfuil a feidhm nó a bhfeidhm fós le tosú maidir le críoch ar leith, tiocfaidh sí nó siad i ngníomh chun na críche sin) ag deireadh na tréimhse sin.

(4) Féadfar na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 a ghairm d'Achtanna na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992 go 2001 agus de *Chuid 2* le chéile.

Cd.1 A.1 [Uimh. 25.] *An tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006.* [2006.]

(5) Féadfar na hAchtanna um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath 1992 go 2006 a ghairm de na hAchtanna um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath 1992 go 2001 agus de *Chuid 3* le chéile.

(6) Féadfar Achtanna an Údaráis um Ard-Oideachas 1971 agus 2006 a ghairm d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 1971 agus *d'alt 52* le chéile.

(7) Féadfar Achtanna na nOllscoileanna 1997 agus 2006 a ghairm d'Acht na nOllscoileanna 1997 agus *d'alt 53* le chéile.

(8) Féadfar Achtanna na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oilíúint) 1999 agus 2006 a ghairm d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oilíúint) 1999 agus *d'alt 54* le chéile.

(9) Féadfar na hAchtanna Gairmoideachais 1930 go 2006 a ghairm de na hAchtanna Gairmoideachais 1930 go 2001 agus *d'alt 55* le chéile.

Mínithe. 2.—San Acht seo—

ciallaíonn “Acht DIT” an tAcht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath 1992;

ciallaíonn “Acht RTC” Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992.

## CUID 2

### LEASÚ AR ACHTANNA NA gCOLÁISTÍ TEICNIÚLA RÉIGIÚNACHA

Leasú ar alt 2 d'Acht RTC.

3.—Leasaítear alt 2(1) d'Acht RTC—

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “comhairle acadúil”:

“ciallaíonn ‘An tÚdarás’ An tÚdarás um Ard-Oideachas;”, agus

(b) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “coláiste”:

“ciallaíonn ‘coláiste’ foras ardoideachais a dhearbhaítear le mír (a) d'alt 3(1) (arna leasú leis an *Acht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006*) a bheith ina choláiste lena mbaineann an tAcht seo agus foláíonn sé, i ndáil le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí, scoil de chuid an choláiste sin a dhearbhaítear a bheith ina scoil den sórt sin faoi mhír (b) den fho-alt sin;”.

Leasú ar alt 3 d'Acht RTC.

4.—Leasaítear alt 3 d'Acht RTC—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (arna leasú le hAcht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (Leasú) 1999):

[2006.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[Uimh. 25.]

Cd.2 A.4

“(1) (a) Dearbhaítear gur coláiste lena mbaineann an tAcht seo gach foras ardoideachais a shonraítear i gcolún (1) den Chéad Sceideal agus, faoi réir fho-alt (4), leanfaidh an t-ainm sa Ghaeilge nó sa Bhéarla a ghairtear de sa Sceideal sin de bheith air agus leanfar den ainm sin a thabhairt air.

(b) Dearbhaítear gur scoileanna d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí iad Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford (Crawford College of Art and Design), Ceol-Scoil Chorcaí (Cork School of Music) agus Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (National Maritime College of Ireland) agus leanfaidh an t-ainm sa Ghaeilge nó sa Bhéarla a ghairtear di sa mhír seo de bheith ar gach scoil acu agus leanfar den ainm sin a thabhairt uirthi.

(c) (i) Dearbhaítear gur scoil d’Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn é an Coláiste Turasóireachta, Na Cealla Beaga (Tourism College Killybegs) agus leanfaidh an t-ainm sa Ghaeilge nó sa Bhéarla a ghairtear de sa mhír seo nó cibé ainm eile a chinnfidh an comhlacht ceannais, faoi réir thoiliú an Aire, de bheith air agus leanfar den ainm sin a thabhairt air.

(ii) Gach duine atá, díreach roimh thosach feidhme na míre seo—

(I) ina fhostaí de chuid Choiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall, agus

(II) ag obair don choláiste dá dtagraítear i bhfomhír (i),

ar an tosach feidhme sin, tiocfaidh sé agus beidh sé ina chomhalta d’fhoireann Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus, fad a bheidh sé i seirbhís an choláiste sin, ní bhfaighidh sé luach saothair níos lú, ná ní bheidh sé faoi réir coinníollacha seirbhíse is lú tairbhe ná an luach saothair a cheadaigh an tAire le comhthoiliú an Aire Airgeadais agus a raibh an duine ina theideal agus na coinníollacha seirbhíse a cheadaigh an tAire agus a raibh an duine sin faoina réir roimh an tosach feidhme sin.” agus

(b) trí fho-ailt (2) (arna leasú le hAcht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oilíúint) 1999) agus (3) a scriosadh.

5.—Aisghairtear alt 3A (a cuireadh isteach le hAcht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oilíúint) 1999) d’Acht RTC. Alt 3A d’Acht RTC a aisghairm.

Cd.2

[Uimh. 25.]

An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.

[2006.]

Leasú ar alt 5  
d'Acht RTC.

6.—Leasaítear alt 5 d'Acht RTC—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) i mír (c), trí “an tÚdarás” a chur in ionad “an tAire”,

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

“(e) i ndáil le haon cheann de na cuideachtaí nó de na gnóthais seo a leanas agus de réir an dlí seo a leanas, eadhon—

(i) cuideachta dliteanais theoranta sa Stát — de réir Achtanna na gCuideachtaí, nó

(ii) cuideachta nó gnóthas (a mbeidh dliteanas a comhaltaí nó a chomhaltaí teoranta) i stát seachas an Stát — de réir dhlí an stáit sin,

chun—

(I) a foirmiú nó a fhoirmiú a chur chun cinn agus páirt a ghlacadh inti nó ann,

(II) scaireanna nó leasanna eile ina caipiteal nó ina chaipiteal a fháil, a shealbhú nó a dhiúscairt, nó

(III) páirt a ghlacadh ina bainistiú nó ina bhainistiú nó ina stiúradh,

ach sin sa chás amháin go n-áirítear ar chuspóirí na cuideachta nó an ghnóthais cibé gnó, trádáil nó gníomhaíochtaí eile a sheoladh, de réir mar is cú leis an gcoláiste, d’fhonn feidhmeanna an choláiste a chur chun cinn nó cúnaimh a thabhairt le linn feidhmeanna an choláiste a chomhlíonadh, nó i dtaca le feidhmeanna an choláiste;”;

agus

(iii) i mír (i), trí “faoi réir cheadú an Údaráis” a chur in ionad “faoi réir cheadú an Aire”,

agus

(b) trí fho-alt (2) a scriosadh.

Saoirse acadúil.

7.—Leasaítear Acht RTC tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 5:

“Saoirse acadúil.

5A.—(1) Beidh ag coláiste, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, an ceart agus an fhreagracht prionsabail thraidisiúnta na saoirse acadúla a chaomhnú agus a chur chun cinn le linn a ghnóthaí inmheánacha agus seachtracha a sheoladh.



[2006.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[Uimh. 25.]

Cd.2 A.7

(2) Beidh ag comhalta d'fhoireann acadúil coláiste an tsaoirse, de réir an dlí, ina mhúineadh nó ina múineadh, ina thaighde nó ina taighde agus in aon ghníomhaíochtaí eile dá chuid nó dá cuid sa choláiste nó lasmuigh de, an eagnaíocht a nglactar léi a cheistiú agus a thástáil, smaointe nua a chur chun cinn agus tuairimí atá conspóideach nó nach bhfuil glacadh coitianta leo a chur in iúl agus ní chuirfidh an coláiste é nó í faoi mhíbhuntáiste ná faoi réir córa is lú fabhar mar gheall ar an tsaoirse sin a fheidhmiú.”.

8.—Leasaítear Acht RTC tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 7: Leasú ar alt 7  
d'Acht RTC.

“Feidhmeanna  
na  
gcomhlachtaí  
ceannais.

7.—(1) Is iad feidhmeanna comhlachta ceannais coláiste, de bhun fheidhmeanna an choláiste faoi alt 5 ach de réir shriantachtaí bhuiséad an choláiste faoi alt 13—

- (a) talamh agus maoin eile an choláiste a rialú agus a riaradh,
- (b) an Stiúrthóir agus cibé foireann eile is dóigh leis is gá a cheapadh chun críocha an choláiste, agus
- (c) cibé feidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht seo nó le haon Acht eile a chomhlíonadh.

(2) Chun an Stiúrthóir a cheapadh faoi fho-alt (1)(b), déanfaidh an comhlacht ceannais cibé nósanna imeachta agallaimh agus nósanna imeachta eile a fhorbairt is fearr a chinnteoidh, ina thuairim, go mbeidh iarrthóirí a bhfuil ardmhianach iontu ó laistigh den choláiste agus lasmuigh de páirteach sa phróiseas roghnóireachta agus déanfaidh sé na nósanna imeachta sin a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis.

(3) Tá ag comhlacht ceannais, faoi réir an Achta seo nó aon Acht eile, cibé cumhachtaí is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(4) Féadfaidh comhlacht ceannais, ó am go ham, cibé coistí agus cibé líon coistí a cheapadh, a bheidh comhdhéanta go hiomlán nó go páirteach de chomhaltaí den chomhlacht ceannais, is dóigh leis is gá chun cabhrú leis le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus féadfaidh sé cibé feidhmeanna dá chuid is cuí leis a shannadh do na coistí sin.

(5) Oibreoidh coiste a cheapfar faoi fho-alt (4) i cibé slí a ordóidh an comhlacht ceannais agus beidh a ghníomhartha faoi réir a ndaingnithe ag an gcomhlacht ceannais, mura n-ordóidh an comhlacht ceannais a mhalairt.

(6) Le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh, déanfaidh comhlacht ceannais nó, más cúí, déanfaidh coiste—

- (a) cibé ordacháin i dtaobh beartais a chomhlíonadh a eiseoidh an tAire ó am go ham, lena n-áirítear ordacháin a bhaineann le leibhéil agus réimse na gclár a thairgeann an coláiste,
- (b) aird a thabhairt ar chur chun cinn agus ar úsáid na Gaeilge mar theanga gnáthchumarsáide agus saothrú na Gaeilge agus a traidisiún gaolmhar litríochta agus cultúir a chur chun cinn,
- (c) aird a thabhairt ar chothromaíocht inscne agus combhionannas deiseanna a bhaint amach i measc mhic léinn agus fhoireann an choláiste agus déanfaidh sé, go háirithe, rochtain ar oideachas sa choláiste ag daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialach, ag daoine atá faoi mhíchumas agus ag daoine ó earnálacha den tsochaí a bhfuil ionadaíocht neamhdhóthanach shuntasach acu i measc na mac léinn i gcoitinne a chur chun cinn,
- (d) a chinntiú, a mhéid is féidir leis, go gcuirfidh an coláiste le cur chun cinn fhorbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialach an Stáit agus le hurraim don éagsúlacht luachanna, creideamh agus traidisiún i sochaí na hÉireann, agus
- (e) aird a thabhairt ar fhreagrachtaí reachtúla soláthraithe oideachais eile.”.

Leasú ar alt 8  
d’Acht RTC.

**9.**—Leasaítear alt 8(1) d’Acht RTC trí “leis an Údarás” a chur in ionad “leis an gcoiste gairmoideachais”.

Leasú ar alt 9  
d’Acht RTC.

**10.**—Leasaítear alt 9 d’Acht RTC—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Déanfaidh comhlacht ceannais duine a cheapadh ó am go ham i gcáil lánaimseartha chun bheith ina príomhoifigeach nó ina príomhoifigeach ar an gcoláiste, agus tabharfar an Stiúrthóir, nó cibé teideal eile a chinnfidh an comhlacht ceannais, faoi réir thoiliú an Aire, ar an duine sin.”,

(b) i bhfo-alt (2), trí “an tÚdarás” a chur in ionad “an tAire”, agus

[2006.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[Uimh. 25.]

Cd.2 A.10

- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4) (a cuireadh isteach le hAcht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (Leasú) 1994):

“(4) I gcás ina dtiocfaidh oifig Stiúrthóra chun bheith folamh, féadfaidh an comhlacht ceannais, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, duine a cheapadh chun feidhmeanna an Stiúrthóra a chomhlíonadh go dtí cibé tráth a cheapfar duine go buan chun na hoifige sin agus féadfaidh an comhlacht ceannais an ceapachán eatramhach sin a fhoirceannadh aon tráth.”.

**11.**—Leasaítear alt 10(3)(a) d’Acht RTC trí “de réir na gclár agus an bhuiséid a cheadófar in aghaidh na bliana faoi alt 13 den Acht seo agus” a scriosadh. Leasú ar alt 10  
d’Acht RTC.

**12.**—Leasaítear Acht RTC tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 11: Leasú ar alt 11  
d’Acht RTC.

“Forálacha  
ginearálta i  
ndáil le  
foireann.

11.—(1) Féadfaidh coláiste cibé feidhmeanna dá chuid is cuí leis an gcomhlacht ceannais a chomhlíonadh trí aon chomhalta dá fhoireann nó ag aon chomhalta dá fhoireann.

(2) Faoi réir alt 12, íocfaidh coláiste lena fhoireann cibé luach saothair, táillí, liúntais agus caiteachais a cheadóidh an tAire ó am go ham le toiliú an Aire Airgeadais.

(3) Déanfaidh cuideachta nó gnóthas dá dtagraítear in alt 5(1)(e) (arna leasú leis an *Acht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006*) aon luach saothair, táillí, liúntais nó caiteachais a íoc le foireann coláiste de réir socruithe chuige sin arna ndéanamh idir na coláistí agus an tÚdarás.

(4) Beidh feidhm ag Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais (dá dtagraítear in Airteagal 2 den Ordú um Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2001 (I.R. Uimh. 14 de 2001)) maidir le coláiste agus le comhaltaí a fhoirne.”.

**13.**—Leasaítear Acht RTC tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 11: Forálacha i ndáil le  
foireann áirithe.

“Forálacha i  
ndáil le  
foireann  
áirithe.

11A.—(1) (a) Féadfaidh coláiste cibé daoine agus cibé líon daoine a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d’foireann an choláiste (i dteannta an Stiúrthóra) is cuí leis an gcomhlacht ceannais ó am go ham faoi réir cheadú an Údaráis arna thabhairt le comhthoilíú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(b) Déanfar na comhaltaí sin den fhoireann a earcú agus a roghnú de réir nósanna imeachta a chinnfidh an tAire ó am go ham.

(c) Forálfar leis na nósanna imeachta sin gurb iad a bheidh ar an mbord roghnóireachta daoine atá cáilithe go cuí agus go mbeidh an Stiúrthóir ar an gcoláiste nó ainmnitheach de chuid an Stiúrthóra air.

(2) Faoi réir alt 12, fostófar na comhaltaí d'fhoireann coláiste ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an coláiste (faoi réir cheadú an Aire arna thabhairt le comthoiliú an Aire Airgeadais) ó am go ham.

(3) Féadfaidh coláiste comhalta dá fhoireann a chur ar fionraí nó a dhífhostú, ach ní dhéanfar sin ach amháin de réir nósanna imeachta agus faoi réir aon choinníollacha a chinnfidh an coláiste, tar éis dó dul i gcomhairle le comhlachais foirne nó ceardchumann aitheanta; féadfar foráil a dhéanamh leis na nósanna imeachta agus leis na coinníollacha sin maidir le cumhachtaí a bhaineann le fionraí nó le dífhostú a tharmligean chuig an Stiúrthóir.

(4) Beidh feidhm ag fo-alt (3) maidir leis na comhaltaí go léir d'fhoireann coláiste, ach amháin na hoifigigh sin a bhfuil feidhm ag fo-ailt (3) agus (4) (arna gcur isteach leis an *Acht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006*) d'alt 12 maidir leo.”.

Leasú ar alt 12  
d'Acht RTC.

**14.**—Leasaítear alt 12 d'Acht RTC trí na fo-ailt seo a leanas a chur leis i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Beidh feidhm ag ailt 105, 106 agus 107 den Acht Oideachais Ghairme Beatha 1930 agus ag ailt 7 agus 8 den Acht Gairm-Oideachais (Leasú) 1944 maidir le hoifigigh do choláiste a ceapadh roimh thosach feidhme an fho-ailt seo, ach tagairtí don choláiste a chur in ionad tagairtí don choiste gairmoideachais.

(4) (a) Ní dhéanfaidh coláiste aon duine dá oifigigh a bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo maidir leis nó léi a chur as oifig gan toiliú an Aire.

(b) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le hoifigigh do choláiste a ceapadh roimh thosach feidhme an fho-ailt seo.”.

Leasú ar alt 13  
d'Acht RTC.

**15.**—Leasaítear Acht RTC tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 13:

“Buiséid.

13.—(1) Déanfaidh comhlacht ceannais, an chéad lá de Mhárta nó roimhe i ngach bliain airgeadais nó cibé dáta eile a cheadóidh an tÚdarás (ar féidir gur dáta é roimh thosach na bliana airgeadais lena mbaineann an ráiteas), ráiteas maidir le caiteachas beartaithe agus ioncam ionchais an choláiste don bhliain airgeadais a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Údaráis i cibé

foirm agus ar cibé modh a cheadóidh an tÚdarás ó am go ham.

(2) Cinnfidh an tÚdarás, ag féachaint don ráiteas a bheidh curtha faoina bhráid faoi fho-alt (1), an méid airgid a bheidh le leithroinnt ar an gcoláiste don bhliain airgeadais as airgead arna sholáthar don Údarás de bhun alt 12 d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 1971, agus is é a bheidh i mbuiséad an choláiste don bhliain airgeadais an méid a leithroinnfear amhlaidh mar aon le hioncam ionchais eile an choláiste de réir mar a chomhaontófar leis an Údarás é.

(3) I gcás inar cinneadh buiséad coláiste, is feidhm de chuid an Stiúrthóra, ag gníomhú dó nó di ar údarás an chomhlachta ceannais, é a chur in éifeacht.

(4) Féadfaidh an tÚdarás, aon tráth, ar iarratas a bheith déanta chuige ag comhlacht ceannais coláiste, an méid airgid a mhéadú a bheidh le leithroinnt ar an gcoláiste as airgead a sholáthraítear don Údarás.

(5) Más é tuairim Stiúrthóra coláiste—

(a) maidir leis an gcaiteachas iarbhír i mbliain airgeadais, nó

(b) maidir le gníomh atá beartaithe,

go mbeidh nó gur dócha go mbeidh de thoradh air, agus aon leithroinnt mhéadaithe faoi fho-alt (4) á cur i gcuntas, caiteachas de bhreis ar an mbuiséad don bhliain airgeadais sin, (dá ngairtear 'imeacht ábhartha ón mbuiséad' san alt seo), cuirfidh an Stiúrthóir an méid sin in iúl don chomhlacht ceannais.

(6) Má chinneann an comhlacht ceannais, d'ainneoin an méid sin a bheith curtha in iúl dó amhlaidh—

(a) i gcás fho-alt (5)(a), gan a chaiteachas iarbhír a laghdú, nó

(b) i gcás fho-alt (5)(b), leanúint leis an ngníomh atá beartaithe aige,

déanfaidh an Stiúrthóir, a luaithe is indéanta, mura rud é go measann sé nó sí, d'ainneoin na tuairime a bhí aige nó aici roimhe sin, nach dtarlóidh imeacht ábhartha ón mbuiséad, cinneadh an chomhlachta ceannais a chur in iúl don Údarás.

(7) Más rud é, d'ainneoin an ailt seo, go dtabhóidh coláiste caiteachas de bhreis ar a bhuiséad is caiteachas nach n-íocfar as ioncam an choláiste seachas an t-airgead a leithroinnfidh an tÚdarás air, beidh an bhreis sin ina céadmhuirear

ar an mbuiséad don chéad bhliain airgeadais eile dá éis sin.

(8) Féadfaidh coláiste airgead a fháil ar iasacht trí rótharraingt bhainc nó ar shlí eile agus féadfaidh sé iasacht arna glacadh ag duine nó comhlacht daoine, nó iasacht airgid arna glacadh air nó uirthi féin ag duine nó air féin ag comhlacht daoine, a ráthú nó a fhrithghealladh.

(9) Is de réir socruithe a dhéanfar ó am go ham idir na coláistí agus an tÚdarás a gheofar airgead ar iasacht, a thabharfar ráthú agus a dhéanfar frithghealladh faoi fho-alt (8); rachaidh an tÚdarás i gcomhairle leis an Aire agus leis an Aire Airgeadais sula ndéanfaidh sé socruithe den sórt sin.”.

Leasú ar alt 14  
d’Acht RTC.

**16.**—Leasaítear alt 14 d’Acht RTC—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana acadúla, ullmhóidh agus foilseoidh comhlacht ceannais coláiste tuarascáil ar imeachtaí an chomhlachta ceannais i gcaitheamh na bliana sin i cibé foirm a chinnfidh an tÚdarás agus cuirfidh sé cóip den tuarascáil sin ar fáil don Údarás agus don Aire.”.

(b) i bhfo-alt (2), trí “don Údarás” a chur in ionad “don choiste gairmoideachais”, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Cuirfidh coláiste ar fáil don Údarás cibé faisnéis a iarrfaidh an tÚdarás ó am go ham maidir le líon na ndaoine atá fostaithe ag an gcoláiste, maidir lena gcomhdhéanamh de réir gráid, maidir lena dtéarmaí agus a gcoinníollacha fostaíochta (lena n-áirítear a luach saothair, a dtáillí, a liúntais, a gcaiteachais agus a n-aoisliúntais) agus maidir le haon nithe gaolmhara eile.”.

Aisghairm ar alt 15  
d’Acht RTC.

**17.**—Aisghairtear alt 15 d’Acht RTC.

Leasú ar alt 16  
d’Acht RTC.

**18.**—Leasaítear Acht RTC tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 16:

“Cuntais agus  
taifid a  
choimeád.

16.—(1) Coimeádfaidh coláiste, i cibé foirm a cheadóidh an tÚdarás, na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar an ioncam go léir a gheobhaidh sé agus ar an gcaiteachas go léir a thabhóidh sé.

(2) Déanfaidh coláiste cuntais a choimeádfar de bhun fho-alt (1), a mhéid a ordóidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste é, a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste gach bliain, lena n-iniúchadh, faoi cibé dáta a chinnfidh an

[2006.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[Uimh. 25.]

Cd.2 A.18

tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ó am go ham agus, díreach tar éis an iniúchta, déanfaidh an coláiste cóip de na cuntais, mar aon le cóip de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na cuntais, a thíolacadh don Údarás agus don Aire.

(3) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de na cuntais a thíolacfaidh an coláiste don Aire faoin alt seo, mar aon le cóipeanna de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na cuntais sin, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.”.

**19.**—Leasaítear alt 18(1) d’Acht RTC trí “, tar éis dul i gcomhairle leis an gcoiste gairmoideachais” a scriosadh. Leasú ar alt 18 d’Acht RTC.

**20.**—Leasaítear Acht RTC tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 20: Leasú ar alt 20 d’Acht RTC.

“Cigireacht. 20.—Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, aon duine nó daoine is cúil leis an Aire a údarú chun tuairisciú don Aire ar aon nithe a bhaineann le hoibriú coláiste agus beidh an duine nó na daoine sin i dteideal gach tráth réasúnach dul isteach sa choláiste lena mbaineann agus tabharfaidh an coláiste sin gach saoráid, lena n-áirítear rochtain ar gach taifead, dóibh chun a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh.”.

**21.**—Leasaítear alt 21(4) d’Acht RTC trí “lena mbaineann fo-ailt (3) agus (4) (a cuireadh isteach leis an *Acht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006*) d’alt 12 agus” a chur isteach i ndiaidh “maidir le hoifigigh do choláiste”. Leasú ar alt 21 d’Acht RTC.

**22.**—Leasaítear Acht RTC trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 21: Rialú institiúidí teicneolaíochta.

“Feidhmeanna forchoimeáda. 21A.—(1) Déanfaidh gach coláiste, trí rún óna chomhlacht ceannais, cibé cinn de na feidhmeanna a dhearbhaítear leis an Acht seo a bheith ina bhfeidhmeanna forchoimeáda a chomhlíonadh agus forléireofar ‘feidhm fhorchoimeáda’ agus beidh éifeacht leis san Acht seo dá réir sin.

(2) Dearbhaítear gur feidhmeanna forchoimeáda na feidhmeanna faoi ailt 5(1)(a) go (j), 7, 9, 10, 21C, 21D agus 21E.

(3) Is é nó is í an tAire a chinnfidh aon díospóid i dtaobh cibé acu is feidhm fhorchoimeáda aon fheidhm áirithe nó nach ea.

(4) Cabhróidh Stiúrthóir leis an gcomhlacht ceannais le linn dó a fheidhmeanna forchoimeáda a chomhlíonadh, i cibé slí a theastóidh ón gcomhlacht ceannais.

(5) Ní dhéanfaidh comhlacht ceannais feidhm nach feidhm fhorchoimeáda a chomhlíonadh le

rún óna chomhaltaí nó ordachán a thabhairt i ndáil le feidhm nach feidhm fhorchoimeáda a chomhlíonadh.

Feidhmeanna feidhmiúcháin.

21B.—(1) Is feidhm feidhmiúcháin gach aon fheidhm nach feidhm fhorchoimeáda, agus forléireofar ‘feidhm feidhmiúcháin’, agus beidh éifeacht leis, dá réir sin san Acht seo.

(2) Is é nó is í an Stiúrthóir a chomhlíonfaidh feidhmeanna feidhmiúcháin.

(3) Soláthróidh Stiúrthóir cibé faisnéis don chomhlacht ceannais i dtaobh a chuid feidhmeanna nó a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh a theastóidh ón gcomhlacht ceannais ó am go ham.

(4) Soláthróidh Stiúrthóir cibé faisnéis don Aire nó don Údarás i dtaobh a chuid feidhmeanna nó a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh, is faisnéis a theastóidh ón Aire nó ón Údarás, de réir mar a bheidh, ó am go ham.

Plean forbartha straitéisí.

21C.—(1) Déanfaidh comhlacht ceannais, a luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis thosach feidhme an ailt seo agus ag cibé tráthanna eile is cuí leis, a cheangal ar an Stiúrthóir plean (dá ngairtear ‘plean forbartha straitéisí’ san Acht seo) a ullmhú ina leagfar amach aidhmeanna an chomhlachta ceannais i gcomhair oibriú agus fhorbairt an choláiste agus a straitéis chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, agus chun na feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, le linn na tréimhse, is tréimhse nach lú ná trí bliana, lena mbaineann an plean.

(2) Féadfaidh comhlacht ceannais an plean forbartha straitéisí a ullmhófar a cheadú gan mhodhnú nó, tar éis dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir, an plean a cheadú fara cibé modhnuithe is cuí leis; le linn a chumhachtaí a fheidhmiú faoin bhfo-alt seo beidh aird ag an gcomhlacht ceannais ar na hacmhainní atá ar fáil don choláiste.

(3) A luaithe is indéanta tar éis dó an plean forbartha straitéisí a cheadú faoi fho-alt (2), soláthróidh an comhlacht ceannais cóip den phlean don Údarás agus don Aire.

Beartas combhionannais.

21D.—(1) Déanfaidh comhlacht ceannais, a luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis thosach feidhme an ailt seo agus ag cibé tráthanna eile is cuí leis, a cheangal ar an Stiúrthóir ráiteas a ullmhú i dtaobh bheartais an choláiste i leith na nithe seo a leanas—

- (a) rochtain ar oideachas sa choláiste ag daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialach, ag daoine atá faoi mhíchumas agus ag daoine ó eárnálacha den tsochaí a bhfuil



[2006.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[Uimh. 25.]

Cd.2 A.22

ionadaíocht neamhdhóthanach  
shuntasach acu i measc na mac léinn i  
gcoitinne, agus

- (b) comhionannas, lena n-áirítear  
comhionannas inscne, i  
ngníomhaíochtaí uile an choláiste,

agus beidh aird ag an Stiúrthóir, le linn an ráiteas a ullmhú, ar cibé beartais a chinnfidh an tAire ó am go ham maidir leis na nithe sin.

(2) Féadfaidh comhlacht ceannais an ráiteas a ullmhófar faoi fho-alt (1) a cheadú gan mhodhnú nó, tar éis dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir, an ráiteas a cheadú fara cibé modhnuithe is cuí leis; le linn a chumhachtaí a fheidhmiú faoin bhfo-alt seo beidh aird ag an gcomhlacht ceannais ar na hacmhainní atá ar fáil don choláiste.

(3) Déanfaidh coláiste na beartais a bheidh leagtha amach sa ráiteas a chur i ngníomh mar a ceadáidh iad faoi fho-alt (2).

Díospóidí a réiteach.

21E.—(1) Bunóidh comhlacht ceannais nósanna imeachta d'fhonn díospóidí a éireoidh sa choláiste a réiteach.

(2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le díospóidí caidrimh tionscail, a ndéileálfar leo trí na gnáthstruchtúir caidrimh tionscail a oibríonn sa choláiste.

(3) Maidir le nósanna imeachta a bhunófar faoi fho-alt (1)—

- (a) cuirfear i scríbhinn iad,
- (b) bunófar iad tar éis dul i gcomhairle le comhlachais foirne agus le ceardchumainn aitheanta atá ionadaitheach d'fhoireann an choláiste agus le haontas na mac léinn nó le comhlacht ionadaitheach mac léinn eile, agus
- (c) déanfar foráil leo maidir le duine neamhspleách nó daoine neamhspleácha, de réir mar is cuí, do bhreithniú saincheistanna a bheidh faoi dhíospóid.

Athbhreithnithe. 21F.—Féadfaidh an tÚdarás athbhreithniú a dhéanamh—

- (a) ar an bplean forbartha straitéisí a ullmhófar de réir alt 21C, agus
- (b) ar na beartais a bheidh leagtha amach sa ráiteas a ullmhófar de réir alt 21D agus ar chur i ngníomh na mbeartas sin ag an gcoláiste,

Cd.2 A.22

[Uimh. 25.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[2006.]

agus féadfaidh sé, tar éis dul i gcomhairle leis an gcoláiste, tuarascáil a fhoilsiú, i cibé foirm agus ar cibé modh is cuí leis, maidir le toradh aon athbhreithnithe den sórt sin.”.

Éifeacht orduithe áirithe.

**23.**—Leasaítear Acht RTC tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 23:

“Éifeacht orduithe áirithe.

23A.—(1) Maidir le gach ordú a dhéanfar faoi alt 3, measfar, le linn na tréimhse iomchuí, go raibh sé bailí riamh.

(2) San alt seo ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’ an tréimhse dar tosach an tráth a dhéanfar an t-ordú lena mbaineann dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus dar críoch tráth thosach feidhme *alt 4* den *Acht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006.*”.

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht RTC.

**24.**—Leasaítear Acht RTC tríd an Sceideal seo a leanas a chur in ionad an Chéad Sceidil:

“Alt 3.

## AN CHÉAD SCEIDEAL

## NA COLÁISTÍ

Ainm an Choláiste.	An Coiste Gairmoideachais ar ina limistéar feidhme atá an coláiste suite.
(1)	(2)
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. Athlone Institute of Technology.	Contae na hIarmhí.
Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir. Institute of Technology, Blanchardstown.	Contae Bhaile Átha Cliath.
Institiúid Teicneolaíochta, Ceatharlach. Institute of Technology, Carlow.	Contae Cheatharlach.
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Cork Institute of Technology.	Cathair Chorcaí.
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan. Dundalk Institute of Technology.	Contae Lú.
Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Dún Laoghaire Institute of Art, Design and Technology.	Dún Laoghaire.

[2006.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[Uimh. 25.]

Cd.2 A.24

Ainm an Choláiste.  (1)	An Coiste Gairmoideachais ar ina limistéar feidhme atá an coláiste suite.  (2)
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo.  Galway-Mayo Institute of Technology.	Cathair na Gaillimhe.
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn.  Letterkenny Institute of Technology.	Contae Dhún na nGall.
Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.  Limerick Institute of Technology.	Cathair Luimnigh.
Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach.  Institute of Technology, Sligo.	Contae Shligigh.
Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht.  Institute of Technology, Tallaght.	Contae Bhaile Átha Cliath.
Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí.  Institute of Technology, Tralee.	Contae Chiarraí.
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.  Waterford Institute of Technology.	Contae Phort Láirge.

”.

**25.—**Leasaítear an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht RTC—

(a) trí mhíreanna 2(5) agus 3(3) a scriosadh, agus

(b) i mír 14(e), trí “faoi réir cheadú an Aire agus cibé téarmaí agus coinníollacha a leagfaidh an tAire síos,” a scriosadh.

Leasú ar an Dara  
Sceideal a  
ghabhann le hAcht  
RTC.**26.—**Leasaítear Acht RTC tríd an Sceideal seo a leanas a chur in  
ionad an Tríú Sceideal:

“Alt 9.

## AN TRÍÚ SCEIDEAL

## AN STIÚRTHÓIR

1. Déanfaidh Stiúrthóir coláiste, faoi réir an Achta seo, seoladh a ghníomhaíochtaí acadúla, riaracháin, airgeadais, pearsanra agus a ghníomhaíochtaí eile ag an gcoláiste a bhainistiú agus a stiúradh agus chun na gcríoch sin tá cibé cumhachtaí aige nó aici is gá nó is fóirsteanach.

2. Le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh beidh an Stiúrthóir faoi réir cibé

Leasú ar an Tríú  
Sceideal a  
ghabhann le hAcht  
RTC.

beartais a chinnfidh an comhlacht ceannais ó am go ham agus beidh sé nó sí freagrach don chomhlacht ceannais as an gcoláiste a bhainistiú go héifeachtúil éifeachtach agus as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí.

3. (1) Féadfaidh Stiúrthóir aon fheidhmeanna dá chuid nó dá cuid a tharmligean chuig comhalta eile d'fhoireann an choláiste mura rud é go mbeidh siad tarmligthe chuig an Stiúrthóir faoi réir an choinníll nach ndéanfar iad a tharmligean a thuilleadh; beidh an comhalta eile sin freagrach don Stiúrthóir as na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

(2) D'ainneoin aon tarmligin den sórt sin, leanfaidh an Stiúrthóir de bheith freagrach gach uile thráth don chomhlacht ceannais i leith na bhfeidhmeanna a tharmligfear amhlaidh.

4. Ní shealbhóidh Stiúrthóir aon oifig ná post eile gan toiliú an chomhlachta ceannais.

5. Beidh Stiúrthóir i dteideal a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'aon choiste agus de gach coiste a cheapfaidh an comhlacht ceannais, agus a bheith i gceannas orthu, ach amháin i gcás ina gcinnfidh an comhlacht ceannais a mhalairt, le comhthoilíú an Údaráis.

6. Beidh Stiúrthóir i dteideal a bheith ina chomhalta nó ina comhalta den chomhairle acadúil agus, má bhíonn sé nó sí i láthair, beidh sé nó sí i gceannas ar gach cruinniú den chomhairle sin; beidh sé nó sí i dteideal a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de gach coiste a bhunóidh an chomhairle sin.

7. Beidh Stiúrthóir i seilbh oifige go ceann tréimhse 10 mbliana mura n-éireoidh sé nó sí as, mura scoirfidh sé nó sí nó mura gcuirfear é nó í as oifig.

8. Aon uair a cheanglóidh an Coiste de Dháil Éireann arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chun tuarascáil a thabhairt orthu do Dháil Éireann ar Stiúrthóir déanamh amhlaidh, tabharfaidh sé nó sí fianaise don Choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a taifeadadh nó a cheanglaítear a thaifeadadh in aon leabhar nó in aon taifead eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a cheanglaítear, faoin Acht seo, ar an gcoláiste a ullmhú,

- (b) barainneacht agus éifeachtúlacht an choláiste i dtaca le húsáid a acmhainní,
- (c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an coláiste chun éifeachtacht a chuid oibríochtaí a mheas, agus
- (d) aon ní a dhéanann difear don choláiste dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sé le ní a shonraítear i bhfomhír (a), (b) nó (c)) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

9. Ní dhéanfaidh Stiúrthóir, má cheanglaítear air nó uirthi faoi mhír 8 fianaise a thabhairt, tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas nó tuillteanais cuspóirí aon bheartais den sórt sin a cheistiú nó tuairim a nochtadh i dtaobh na dtuillteanas sin.

10. Déanfaidh Stiúrthóir, ó am go ham, agus aon uair a iarrfar air nó uirthi déanamh amhlaidh, cuntas ar chomhlíonadh feidhmeanna coláiste a thabhairt do Choiste de Theach den Oireachtas nó de dhá Theach an Oireachtais agus beidh aird ag an Stiúrthóir ar aon mholtaí ón gCoiste sin is iomchuí maidir leis na feidhmeanna sin.”.

**27.**—Leasaítear Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (Leasú) 1994—

Leasú ar Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (Leasú) 1994.

- (a) in alt 2(1), trí “, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás,” a chur isteach i ndiaidh “leis an Aire”, agus
- (b) in alt 4(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) ainmneoidh an coiste gairmoideachais seisear, nach comhalta d’fhoireann coláiste nó d’Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath aon duine acu, agus ar comhaltaí d’údarás áitiúil triúr acu ar a laghad;”.

**28.**—Leasaítear alt 9 d’Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (Leasú) 1999—

Leasú ar alt 9 d’Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (Leasú) 1999.

- (a) i bhfo-alt (4), trí “Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais (dá dtagraítear san Ordú um Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2001 (I.R. 14 de 2001))” a chur in ionad “an Achta Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) 1980”, agus
- (b) trí ailt (5), (6) agus (7) a scriosadh.

CUID 3

LEASÚ AR NA HACHTANNA UM INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE  
ÁTHA CLIATH

Leasú ar alt 2  
d'Acht DIT.

**29.**—Leasaítear alt 2(1) d'Acht DIT tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhíniú ar “an Chomhairle Acadúil”:

“ciallaíonn ‘an tÚdarás’ an tÚdarás um Ard-Oideachas;”.

Leasú ar alt 3  
d'Acht DIT.

**30.**—Leasaítear alt 3 d'Acht DIT—

(a) i bhfo-alt (1), trí “foras ardoideachais” a chur in ionad “institiúid oideachais”, agus

(b) trí fho-alt (3) a scriosadh.

Leasú ar alt 5  
d'Acht DIT.

**31.**—Leasaítear alt 5 d'Acht DIT—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) céimeanna (lena n-áirítear iarchéimeanna),  
dioplómaí, teastais agus dámhachtainí  
oideachais eile (lena n-áirítear  
dámhachtainí oinigh) a bhronnadh, a  
dheonú nó a thabhairt;”.

(ii) i mír (d), trí “an tÚdarás” a chur in ionad “an tAire”,

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (f):

“(f) i ndáil le haon cheann de na cuideachtaí nó  
de na gnóthais seo a leanas agus de réir an  
dlí seo a leanas, eadhon—

(i) cuideachta dliteanais teoranta sa Stát  
— de réir Achtanna na  
gCuideachtaí, nó

(ii) cuideachta nó gnóthas (a mbeidh  
dliteanas a comhaltaí nó a chomhaltaí  
teoranta) i stát seachas an Stát — de  
réir dhlí an stáit sin,

chun—

(I) a foirmiú nó a fhoirmiú a chur chun  
cinn agus páirt a ghlacadh inti nó ann,

(II) scaireanna nó leasanna eile ina  
caipiteal nó ina chaipiteal a fháil, a  
shealbhú nó a dhiúscairt, nó

(III) páirt a ghlacadh ina bainistiú nó ina  
bhainistiú nó ina stiúradh,

[2006.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[Uimh. 25.]

CD.3 A.31

ach sin amháin sa chás go n-áirítear ar chuspóirí na cuideachta nó an ghnóthais cibé gnó, trádáil nó gníomhaíochtaí eile a sheoladh, de réir mar is cuí leis an Institiúid d'fhonn feidhmeanna na hInstitiúide a chur chun cinn nó cúnamh a thabhairt le linn feidhmeanna na hInstitiúide a chomhlíonadh nó i dtaca leo;”;

agus

(iv) i mír (j), trí “faoi réir cheadú an Údaráis” a chur in ionad “faoi réir cheadú an Aire”,

(b) agus trí fho-alt (2) a scriosadh, agus

(c) i bhfo-alt (3), trí “Maidir le céimeanna agus dámhachtainí eile faoi *fho-alt (1)(b)*” a chur in ionad “Maidir le dámhachtainí faoi fhorálacha fho-alt (1) (b) nó faoi aon fheidhm i ndáil le céimeanna a shannfar don Institiúid le hordú arna dhéanamh faoi fho-alt (2)”.

**32.**—Leasaítear Acht DIT tríd an alt seo a leanas a chur isteach i Saoirse acadúil. ndiaidh alt 5:

“Saoirse  
acadúil.

5A.—(1) Beidh ag an Institiúid, i gcomhlíonadh a feidhmeanna, an ceart agus an fhreagracht prionsabail thraidisiúnta na saoirse acadúla a chaomhnú agus a chur chun cinn le linn a gnóthaí inmheánacha agus eachtracha a sheoladh.

(2) Beidh ag comhalta d'fhoireann acadúil na hInstitiúide an tsaoirse, de réir an dlí, ina mhúineadh nó ina múineadh, ina thaighde nó ina taighde agus in aon gníomhaíochtaí eile dá chuid nó dá cuid san Institiúid nó lasmuigh di, an eagnaíocht a nglactar léi a cheistiú agus a thástáil, smaointe nua a chur chun cinn agus tuairimí atá conspóideach nó nach bhfuil glacadh coitianta leo a chur in iúl agus ní chuirfidh an Institiúid é nó í faoi mhíbhuntáiste ná faoi réir córa is lú fabhar mar gheall ar an tsaoirse sin a fheidhmiú.”.

**33.**—Leasaítear Acht DIT tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 7: Leasú ar alt 7 d'Acht DIT.

“Feidhmeanna  
an  
Chomhlachta  
Ceannais.

7.—(1) Is iad feidhmeanna an Chomhlachta Ceannais, de bhun fheidhmeanna na hInstitiúide faoi alt 5 ach de réir shriantachtaí bhuiséad na hInstitiúide faoi alt 14—

(a) talamh agus maoin eile na hInstitiúide a rialú agus a riaradh,

(b) an tUachtarán agus cibé foireann eile is dóigh leis is gá a cheapadh chun críocha na hInstitiúide, agus

- (c) cibé feidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht seo nó le haon Acht eile a chomhlíonadh.

(2) Chun an tUachtarán a cheapadh faoi fho-alt (1)(b), déanfaidh an Comhlacht Ceannais cibé nósanna imeachta agallaimh agus nósanna imeachta eile a fhorbairt is fearr a chinnteoidh, ina thuairim, go mbeidh iarrthóirí a bhfuil ardmhianach iontu ó laistigh den Institiúid agus ó lasmuigh di páirteach sa phróiseas roghnóireachta agus déanfaidh sé na nósanna imeachta sin a fhoilsiú i cibé modh is cuí leis.

(3) Tá ag an gComhlacht Ceannais, faoi réir an Achta seo nó aon Achta eile, cibé cumhachtaí is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(4) Féadfaidh an Comhlacht Ceannais, ó am go ham, cibé coistí agus cibé líon coistí a cheapadh, a bheidh comhdhéanta go hiomlán nó go páirteach de chomhaltaí den Chomhlacht Ceannais, is dóigh leis is gá chun cabhrú leis le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus féadfaidh sé cibé feidhmeanna dá chuid is cuí leis a shannadh do na coistí sin.

(5) Oibreoidh coiste a cheapfar faoi fho-alt (4) i cibé slí a ordóidh an Comhlacht Ceannais agus beidh a ghníomhartha faoi réir a ndaingnithe ag an gComhlacht Ceannais, mura n-ordóidh an Comhlacht Ceannais a mhalairt.

(6) Le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh, déanfaidh an Comhlacht Ceannais nó, más cuí, déanfaidh coiste—

- (a) cibé ordacháin i dtaobh beartais a chomhlíonadh a eiseoidh an tAire ó am go ham, lena n-áirítear ordacháin a bhaineann le leibhéil agus réimse na glár a thairgeann an Institiúid,
- (b) aird a thabhairt ar chur chun cinn agus ar úsáid na Gaeilge mar theanga gnáthchumarsáide agus saothrú na Gaeilge agus a traidisiún gaolmhar liteartha agus cultúrtha a chur chun cinn,
- (c) aird a thabhairt ar chothromaíocht inscne agus combhionannas deiseanna a bhaint amach i measc mhic léinn agus fhoireann na hInstitiúide agus déanfaidh sé, go háirithe, rochtain ar oideachas san Institiúid ag daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialach, ag daoine atá faoi mhíchumas agus ag daoine ó earnálacha den tsochaí a bhfuil ionadaíocht neamhdhóthanach



[2006.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[Uimh. 25.]

CD.3 A.33

shuntasach acu i measc na mac léinn i  
gcoitinne a chur chun cinn,

(d) a chinntiú, a mhéid is féidir leis, go  
gcuirfidh an Institiúid le cur chun cinn  
fhorbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus  
shóisialach an Stáit agus le hurraim  
don éagsúlacht luachanna, creideamh  
agus traidisiún i sochaí na hÉireann,  
agus

(e) aird a thabhairt ar fhreagrachtaí  
reachtúla soláthraithe oideachais  
eile.”.

**34.**—Leasaítear alt 8(1) d’Acht DIT trí “leis an Údarás” a chur in ionad “leis an gCoiste Gairmoideachais”. Leasú ar alt 8 d’Acht DIT.

**35.**—Leasaítear alt 9 d’Acht DIT—

Leasú ar alt 9  
d’Acht DIT.

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Déanfaidh an Comhlacht Ceannais duine a cheapadh ó am go ham i gcáil lánaimseartha chun bheith ina Uachtarán nó ina hUachtarán ar an Institiúid agus ina Phríomh-Oifigeach nó ina Príomh-Oifigeach di.”.

(b) i bhfo-alt (2), trí “ag an Údarás” a chur in ionad “ag an Aire”, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4) (a cuireadh isteach leis an Acht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Leasú) 1994):

“(4) I gcás ina dtiocfaidh Oifig an Uachtaráin chun bheith folamh, féadfaidh an Comhlacht Ceannais, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, duine a cheapadh chun feidhmeanna an Uachtaráin a chomhlíonadh go dtí cibé tráth a cheapfar duine go buan chun na hoifige sin agus féadfaidh an Comhlacht Ceannais an ceapachán eatramhach sin a fhoirceannadh tráth ar bith.”.

**36.**—Leasaítear alt 10 d’Acht DIT—

Leasú ar alt 10  
d’Acht DIT.

(a) i bhfo-alt (1), trí “, le ceadú an Aire” a scriosadh, agus

(b) i bhfo-alt (2), trí “an tÚdarás” a chur in ionad “an tAire”.

**37.**—Leasaítear alt 11(3)(a) d’Acht DIT trí “de réir na gclár agus an bhuiséid a cheadófar go bliantúil faoi alt 14 den Acht seo agus” a scriosadh. Leasú ar alt 11 d’Acht DIT.

**38.**—Leasaítear Acht DIT tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 12: Leasú ar alt 12 d’Acht DIT.

“Forálacha  
ginearálta i  
ndáil le  
foireann.

12.—(1) Féadfaidh an Institiúid cibé feidhmeanna dá cuid is cuí leis an gComhlacht

Ceannais a chomhlíonadh trí aon chomhalta dá foireann nó ag aon chomhalta dá foireann.

(2) Faoi réir alt 13, íocfaidh an Institiúid lena foireann cibé luach saothair, táillí, liúntais agus caiteachais a cheadóidh an tAire ó am go ham le toiliú an Aire Airgeadais.

(3) Déanfaidh cuideachta nó gnóthas dá dtagraítear in alt 5(1)(f) (arna leasú leis an *Acht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006*) aon luach saothair, táillí, liúntais nó caiteachais a íoc le foireann na hInstitiúide de réir socruithe chuige sin arna ndéanamh idir an Institiúid agus an tÚdarás.

(4) Beidh feidhm ag Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais (dá dtagraítear in Airteagal 2 den Ordú um Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2001 (I.R. Uimh. 14 de 2001) maidir leis an Institiúid agus comhaltaí a foirne.”.

Forálacha i ndáil le foireann áirithe.

**39.**—Leasaítear Acht DIT tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 12:

“Forálacha i ndáil le foireann áirithe.

12A.—(1) (a) Féadfaidh an Institiúid cibé daoine agus cibé líon daoine a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d’fhoireann na hInstitiúide (i dteannta an Uachtaráin agus na Stiúrthóirí) is cuí leis an gComhlacht Ceannais ó am go ham faoi réir cheadú an Údaráis arna thabhairt le comhthoilíú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(b) Déanfar na comhaltaí sin den fhoireann a earcú agus a roghnú de réir nósanna imeachta a chinnfidh an tAire ó am go ham.

(c) Forálfar leis na nósanna imeachta sin gurb iad a bheidh ar an mbord roghnóireachta daoine atá cáilithe go cuí agus go mbeidh an tUachtarán nó Stiúrthóir ar an Institiúid nó ainmnitheach de chuid an Uachtaráin air.

(2) Faoi réir alt 13, fostófar na comhaltaí d’fhoireann na hInstitiúide ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an Institiúid (faoi réir cheadú an Aire arna thabhairt le comhthoilíú an Aire Airgeadais) ó am go ham.

(3) Féadfaidh an Institiúid comhalta dá foireann a chur ar fionraí nó a dhífhostú, ach ní dhéanfar sin ach amháin de réir nósanna imeachta agus faoi réir aon choinníollacha a chinnfidh an Institiúid, tar éis di dul i gcomhairle le comhlachais foirne nó ceardchumainn aitheanta; féadfar foráil

[2006.]

*An tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006.* [Uimh. 25.]

Cd.3 A.39

a dhéanamh leis na nósanna imeachta seo nó leis na coinníollacha seo maidir le cumhachtaí a bhaineann le fionraí nó le dífhostú a tharmligean chuig an Uachtarán.

(4) Beidh feidhm ag fo-alt (3) maidir leis na comhaltaí go léir d'fhoireann na hInstitiúide, ach amháin na hoifigigh sin a bhfuil feidhm ag fo-ailt (3) agus (4) (arna gcur isteach leis an *Acht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006*) d'alt 13 maidir leo.”.

**40.**—Leasaítear alt 13 d'Acht DIT trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2): Leasú ar alt 13 d'Acht DIT.

“(3) (a) Beidh feidhm ag ailt 105, 106 agus 107 den Acht Oideachais Ghairme Beatha 1930 agus ag ailt 7 agus 8 den Acht Gairm-Oideachais (Leasú) 1944 maidir le hoifigigh don Institiúid a ceapadh roimh thosach feidhme an fho-ailt seo, ach tagairtí don Institiúid a chur in ionad tagairtí don choiste gairmoideachais.

(b) D'ainneoin alt 7(5) den Acht Gairm-Oideachais (Leasú) 1944, aon uair a dhéanfar oifigeach don Institiúid a bhfuil feidhm ag mír (a) maidir leis nó léi a chur ar fionraí faoin Acht seo, féadfaidh an Institiúid, más cuí leis an gComhlacht Ceannais é, íocaíochtaí *ex gratia* a dhéanamh, le toiliú an Aire, leis an oifigeach a bheidh ar fionraí in ionad an luacha saothair a bheadh iníoctha, murach an fionraí sin, leis an oifigeach sin.

(c) Aon suim a íocfar faoi mhír (b)—

(i) beidh sí in-aisíoctha ag an oifigeach leis an Institiúid,

(ii) féadfar í a asbhaint as aon airgead is iníoctha ag an Institiúid leis an oifigeach sin, agus

(iii) ní dhéanfar í a ríomh mar thuarastal nó mar dhíolaíocht chun críocha Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais.

(4) (a) Ní dhéanfaidh an Institiúid aon duine dá hoifigigh a bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo maidir leis nó léi a chur as oifig gan toiliú an Aire.

(b) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le hoifigigh don Institiúid arna gceapadh roimh thosach feidhme an fho-ailt seo.”.

**41.**—Leasaítear Acht DIT tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 14: Leasú ar alt 14 d'Acht DIT.

“Buiséid.

14.—(1) Déanfaidh an Comhlacht Ceannais, an 1ú lá de Mhárta nó roimhe i ngach bliain airgeadais nó cibé dáta eile a cheadóidh An tÚdarás (ar féidir gur dáta é roimh thosach na bliana airgeadais lena mbaineann an ráiteas),

ráiteas maidir le caiteachas beartaithe agus ioncam ionchais na hInstitiúide don bhliain airgeadais a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Údaráis, i cibé foirm agus ar cibé modh a cheadóidh an tÚdarás ó am go ham.

(2) Cinnfidh an tÚdarás, ag féachaint don ráiteas a bheidh curtha faoina bhráid faoi fho-alt (1), an méid airgid a bheidh le leithroinnt ar an Institiúid don bhliain airgeadais as airgead arna sholáthar don Údarás de bhun alt 12 d’Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 1971, agus is é a bheidh i mbuiséad na hInstitiúide don bhliain airgeadais an méid a leithroinnfear amhlaidh mar aon le hioncam ionchais eile na hInstitiúide, de réir mar a chomhaontófar é leis an Údarás.

(3) Nuair a bheidh buiséad na hInstitiúide arna chinneadh, is feidhm de chuid an Uachtaráin, ag gníomhú dó nó di ar údarás an Chomhlachta Ceannais, é a chur in éifeacht.

(4) Féadfaidh an tÚdarás, aon tráth, ar iarratas a bheith déanta chuige ag an gComhlacht Ceannais, an méid airgid a mhéadú a bheidh le leithroinnt ar an Institiúid as airgead a sholáthraítear don Údarás.

(5) Más é tuairim an Uachtaráin—

- (a) maidir leis an gcaiteachas iarbhír i mbliain airgeadais, nó
- (b) maidir le gníomh atá beartaithe,

go mbeidh nó gur dócha go mbeidh de thoradh air, agus aon leithroinnt mhéadaithe faoi fho-alt (4) á cur i gcuntas, caiteachas de bhreis ar an mbuiséad don bhliain airgeadais sin (dá ngairtear ‘imeacht ábhartha ón mbuiséad’ san alt seo), cuirfidh an tUachtarán an méid sin in iúl don Chomhlacht Ceannais.

(6) Má chinneann an Comhlacht Ceannais, d’ainneoin an méid sin a bheith curtha in iúl dó amhlaidh—

- (a) i gcás fho-alt (5)(a), gan a chaiteachas iarbhír a laghdú, nó
- (b) i gcás fho-alt (5)(b), leanúint ar aghaidh leis an ngníomh a bheartaíonn sé a dhéanamh,

déanfaidh an tUachtarán, a luaithe is indéanta, murab é an tátal atá aige nó aici, contrártha dá thuairim nó dá tuairim roimhe sin, nach dtarlóidh imeacht ábhartha ón mbuiséad, cinneadh an Chomhlachta Ceannais a chur in iúl don Údarás.

(7) Más rud é, d’ainneoin an ailt seo, go dtabhóidh an Institiúid caiteachas de bhreis ar a

[2006.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[Uimh. 25.]

CD.3 A.41

buiséad is caiteachas nach n-íocfar as ioncam na hInstitiúide seachas an t-airgead a leithroinnfidh an tÚdarás uirthi, beidh an bhreis sin ina céadmhuirear ar an mbuiséad don chéad bhliain airgeadais eile dá éis sin.

(8) Féadfaidh an Institiúid airgead a fháil ar iasacht trí rótharraingt bhainc nó ar shlí eile agus féadfaidh sí iasacht arna glacadh ag duine nó comhlacht daoine, nó iasacht airgid arna glacadh air nó uirthi féin ag duine nó air féin ag comhlacht daoine, a ráthú nó a fhrithghealladh.

(9) Is de réir socrúithe a dhéanfar ó am go ham idir an Institiúid agus an tÚdarás a gheofar airgead ar iasacht, a thabharfar ráthú agus a dhéanfar frithghealladh faoi fho-alt (8); rachaidh an tÚdarás i gcomhairle leis an Aire agus leis an Aire Airgeadais sula ndéanfaidh sé socrúithe den sórt sin.”.

42.—Leasaítear alt 15 d’Acht DIT—

Leasú ar alt 15  
d’Acht DIT.

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana acadúla, ullmhóidh agus foilseoidh an Comhlacht Ceannais tuarascáil ar a imeachtaí i gcaitheamh na bliana sin i cibé foirm a chinnfidh an tÚdarás agus cuirfidh sé cóip den tuarascáil sin ar fáil don Údarás agus don Aire.”.

(b) i bhfo-alt (2), trí “don Údarás” a chur in ionad “don Choiste Gairmoideachais”, agus

(c) tríd an bhfo-mhír seo a leanas a chur leis i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Cuirfidh an Institiúid ar fáil don Údarás cibé faisnéis a iarrfaidh an tÚdarás ó am go ham maidir le líon na ndaoine atá fostaithe ag an Institiúid, maidir lena gcomhdhéanamh de réir grád, maidir lena dtéarmaí agus a gcoinníollacha fostaíochta (lena n-áirítear a luach saothair, a dtáillí, a liúntais, a gcaiteachais agus a n-aoisliúntais) agus maidir le haon nithe gaolmhara eile.”.

43.—Aisghairtear alt 16 d’Acht DIT.

Alt 16 d’Acht DIT  
a aisghairm.

44.—Leasaítear Acht DIT tríd an mír seo a leanas a chur in ionad alt 17:

Leasú ar alt 17 d’  
Acht DIT.

“Cuntais agus  
taifid a  
choimeád.

17.—(1) Coimeádfaidh an Institiúid, i cibé foirm a cheadóidh an tÚdarás, na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar an ioncam go léir a gheobhaidh sí nó ar an gcaiteachas go léir a thabhóidh sí.

(2) Déanfaidh an Institiúid cuntais a choimeádfar de bhun fho-alt (1), a mhéid a

CD.3 A.44

[Uimh. 25.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[2006.]

ordóidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste é, a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gach bliain, lena n-iniúchadh, faoi cibé dáta a chinnfidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ó am go ham agus, díreach tar éis an iniúchta, déanfaidh an Institiúid cóip de na cuntais, mar aon le cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais, a thíolacadh don Údarás agus don Aire.

(3) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de na cuntais a thíolacfaidh an Institiúid don Aire faoin alt seo, mar aon le cóipeanna de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais sin, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.”.

Leasú ar alt 19  
d’Acht DIT.

**45.**—Leasaítear alt 19(1) d’Acht DIT trí “, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Gairmoideachais” a scriosadh.

Leasú ar alt 21  
d’Acht DIT.

**46.**—Leasaítear Acht DIT tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 21:

“Cigireacht.

21.—Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, aon duine nó daoine is cuí leis an Aire a údarú chun tuairisciú don Aire ar aon nithe a bhaineann le hoibriú na hInstitiúide agus beidh an duine sin nó na daoine sin i dteideal gach tráth réasúnach dul isteach san Institiúid agus tabharfaidh an Institiúid gach saoráid, lena n-áirítear rochtain ar gach taifead, dóibh chun a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh.”.

Rialú Institiúid  
Teicneolaíochta  
Bhaile Átha Cliath.

**47.**—Leasaítear Acht DIT trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 21:

“Feidhmeanna  
forchoimeáda.

21A.—(1) Déanfaidh an Institiúid, trí rún ón gComhlacht Ceannais, cibé cinn de na feidhmeanna a dhearbhaítear leis an Acht seo a bheith ina bhfeidhmeanna forchoimeáda a chomhlíonadh agus forléireofar ‘feidhm fhorchoimeáda’ agus beidh éifeacht leis san Acht seo dá réir sin.

(2) Dearbhaítear gur feidhmeanna forchoimeáda na feidhmeanna faoi ailt 5(1)(a) go (k), 7, 9, 10, 21C, 21D agus 21E.

(3) Is é nó is í an tAire a chinnfidh aon díospóid i dtaobh cibé acu is feidhm fhorchoimeáda aon fheidhm áirithe nó nach ea.

(4) Cabhróidh an tUachtarán leis an gComhlacht Ceannais le linn dó a fheidhmeanna forchoimeáda a chomhlíonadh, i cibé slí a theastóidh ón gComhlacht Ceannais.

(5) Ní dhéanfaidh an Comhlacht Ceannais feidhm nach feidhm fhorchoimeáda a chomhlíonadh le rún óna chomhaltaí nó ordachán

[2006.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[Uimh. 25.]

Cd.3 A.47

a thabhairt i ndáil le feidhm nach feidhm fhorchoimeáda a chomhlíonadh.

Feidhmeanna feidhmiúcháin.

21B.—(1) Is feidhm feidhmiúcháin gach feidhm nach feidhm fhorchoimeáda agus forléireofar ‘feidhm feidhmiúcháin’ agus beidh éifeacht leis dá réir sin san Acht seo.

(2) Is é nó is í an tUachtarán a chomhlíonfaidh feidhmeanna feidhmiúcháin.

(3) Soláthróidh an tUachtarán cibé faisnéis don Chomhlacht Ceannais i dtaobh a chuid feidhmeanna nó a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh a theastóidh ón gComhlacht Ceannais ó am go ham.

(4) Soláthróidh an tUachtarán cibé faisnéis don Aire nó don Údarás maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna agus a cheanglóidh an tAire nó an tÚdarás, de réir mar a bheidh, ó am go ham.

Plean forbartha straitéisí.

21C.—(1) Déanfaidh an Comhlacht Ceannais, a luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis thosach feidhme an ailt seo agus ag cibé tráthanna eile is cúil leis, a cheangal ar an Uachtarán plean (dá ngairtear ‘plean forbartha straitéisí’ san Acht seo) a ullmhú ina leagfar amach aidhmeanna an Chomhlachta Ceannais i gcomhair oibriú agus fhorbairt na hInstitiúide agus a straitéis chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, agus chun na feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, le linn na tréimhse, is tréimhse nach lú ná trí bliana, lena mbaineann an plean.

(2) Féadfaidh an Comhlacht Ceannais an plean forbartha straitéisí a cheadú gan mhodhnú nó, tar éis dul i gcomhairle leis an Uachtarán, an plean a cheadú fara le cibé modhnuithe is cúil leis; le linn a chumhachtaí faoin bhfo-alt seo a fheidhmiú beidh aird ag an gComhlacht Ceannais ar na hacmhainní atá ar fáil don Institiúid.

(3) A luaithe is indéanta tar éis dó an plean forbartha straitéisí a cheadú faoi fho-alt (2), soláthróidh an Comhlacht Ceannais cóip den phlean don Údarás agus don Aire.

Beartas comhionannais.

21D.—(1) Déanfaidh an Comhlacht Ceannais, a luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis thosach feidhme an ailt seo agus ag cibé tráthanna eile is cúil leis, a cheangal ar an Uachtarán ráiteas a ullmhú i dtaobh bheartais na hInstitiúide i leith na nithe seo a leanas—

- (a) rochtain ar oideachas san Institiúid ag daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialach, ag daoine atá faoi mhíchumas agus ag daoine ó earnálacha den tsochaí a bhfuil ionadaíocht neamhdhóthanach

shuntasach acu i measc na mac léinn i gcoitinne, agus

- (b) combhionannas, lena n-áirítear combhionannas inscne, i ngníomhaíochtaí uile na hInstitiúide,

agus beidh aird ag an Uachtarán, le linn an ráiteas a ullmhú, ar cibé beartais a chinnfidh an tAire ó am go ham maidir leis na nithe sin.

(2) Féadfaidh an Comhlacht Ceannais an ráiteas a ullmhófar faoi fho-alt (1) a cheadú gan mhodhnú nó, tar éis dul i gcomhairle leis an Uachtarán, an ráiteas a cheadú fara cibé modhnuithe is cuí leis; le linn a chumhachtaí a fheidhmiú faoin alt seo beidh aird ag an gComhlacht Ceannais ar na hacmhainní atá ar fáil don Institiúid.

(3) Déanfaidh an Institiúid na beartais a bheidh leagtha amach sa ráiteas a chur i ngníomh de réir mar a ceadaíodh iad faoi fho-alt (2).

Díospóidí a réiteach.

21E.—(1) Bunóidh an Comhlacht Ceannais nósanna imeachta d'fhonn díospóidí a éireoidh san Institiúid a réiteach.

(2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le díospóidí caidrimh thionscail, a ndéileálfar leo trí ghnáthstruchtúir caidrimh thionscail a oibríonn san Institiúid.

(3) Maidir le nósanna imeachta a bhunófar faoi fho-alt (1)—

- (a) cuirfear i scríbhinn iad,
- (b) bunófar iad tar éis dul i gcomhairle le comhlachais foirne agus le ceardchumannaitheanta atá ionadaitheach d'fhoireann na hInstitiúide agus le haontas na mac léinn nó le comhlacht ionadaitheach mac léinn eile, agus
- (c) déanfar foráil leo maidir le duine neamhspleách nó daoine neamhspleácha, de réir mar is cuí, do bhreithniú saincheisteanna atá faoi dhíospóid.

Athbhreithnithe. 21F.—Féadfaidh an tÚdarás athbhreithniú a dhéanamh—

- (a) ar an bplean forbartha straitéisí a ullmhófar de réir alt 21C, agus
- (b) ar na beartais a bheidh leagtha amach sa ráiteas a ullmhófar de réir alt 21D agus ar chur i ngníomh na mbeartas sin ag an Institiúid,



[2006.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[Uimh. 25.]

CD.3 A.47

agus féadfaidh sé, tar éis dul i gcomhairle leis an Institiúid, tuarascáil a fhoilsiú, i cibé foirm agus ar cibé modh is cuí leis, maidir le toradh aon athbhreithnithe den sórt sin.”.

**48.**—Leasaítear Acht DIT tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 23: Éifeacht orduithe áirithe.

“Éifeacht orduithe áirithe.

23A.—(1) Maidir le gach ordú a dhéanfar faoi alt 5(2), measfar, le linn na tréimhse iomchuí, go raibh sé bailí riamh.

(2) San alt seo ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’ an tréimhse dar tosach an tráth a dhéanfar an t-ordú lena mbaineann dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus dar críoch tráth thosach feidhme *alt 31 den Acht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006.*”.

**49.**—Leasaítear an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht DIT— Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht DIT.

(a) trí mhíreanna 2(5) agus 3(3) a scriosadh, agus

(b) i mír 14(e), trí “faoi réir cheadú an Aire agus cibé téarmaí agus coinníollacha a leagfaidh an tAire síos,” a scriosadh.

**50.**—Leasaítear Acht DIT tríd an Sceideal seo a leanas a chur in ionad an Tríú Sceideal: Leasú ar an Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht DIT.

“Alt 9.

## AN TRÍÚ SCEIDEAL

### AN tUachtarán

1. Déanfaidh an tUachtarán, faoi réir an Achta seo, seoladh a gníomhaíochtaí acadúla, riaracháin, airgeadais, pearsanra agus a gníomhaíochtaí eile ag an Institiúid a bhainistiú agus a stiúradh agus chun na gcríoch sin beidh cibé cumhachtaí aige nó aici is gá nó is fóirsteanach.

2. Le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, beidh an tUachtarán faoi réir cibé beartais a chinnfidh an Comhlacht Ceannais ó am go ham agus beidh sé nó sí freagrach don Chomhlacht Ceannais as an Institiúid a bhainistiú go héifeachtúil éifeachtach agus as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí.

3. (1) Féadfaidh an tUachtarán aon fheidhmeanna dá chuid nó dá cuid a tharmligean chuig comhalta eile d’fhoireann na hInstitiúide, mura rud é go mbeidh siad tarmligthe chuig an Uachtarán faoi réir an choinníll nach ndéanfar iad a tharmligean a thuilleadh; beidh an comhalta eile sin freagrach don Uachtarán as na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

(2) D'ainneoin aon tarmligin den sórt sin, leanfaidh an tUachtarán de bheith freagrach gach uile thráth don Chomhlacht Ceannais i leith na bhfeidhmeanna a tharmligfear amhlaidh.

4. Ní shealbhóidh an tUachtarán aon oifig ná post eile gan toiliú an Chomhlachta Ceannais.

5. Beidh an tUachtarán i dteideal a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'aon choiste agus de gach coiste a cheapfaidh an Comhlacht Ceannais agus a bheith i gceannas orthu, ach amháin i gcás ina gcinneadh an Comhlacht Ceannais a mhalairt, le comhthoiliú an Údaráis.

6. Beidh an tUachtarán i dteideal a bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle Acadúil agus, má bhíonn sé nó sí i láthair, beidh sé nó sí i gceannas ar gach cruinniú den Chomhairle sin; beidh sé nó sí i dteideal a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de gach coiste a bhunóidh an Chomhairle sin.

7. Beidh an tUachtarán i seilbh oifige go ceann tréimhse 10 mbliana mura n-éireoidh sé nó sí as oifig, mura scoirfidh sé nó sí nó mura gcuirfear as oifig é nó í.

8. Aon uair a cheanglóidh an Coiste de Dháil Éireann arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus chun tuarascáil a thabhairt orthu do Dháil Éireann ar an Uachtarán déanamh amhlaidh, tabharfaidh sé nó sí fianaise don Choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a taifeadadh nó a cheanglaítear a thaifeadadh in aon leabhar nó in aon taifead eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus a cheanglaítear, faoin Acht seo, ar an Institiúid a ullmhú,
- (b) barainneacht agus éifeachtúlacht na hInstitiúide i dtaca le húsáid a hacmhainní,
- (c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an Institiúid chun éifeachtacht a cuid oibríochtaí a mheas, agus
- (d) aon ní a dhéanann difear don Institiúid dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (a mhéid

[2006.]

*An tAcht um Institiúidí  
Teicneolaíochta 2006.*

[Uimh. 25.]

CD.3 A.50

a bhaineann sé le ní a shonraítear i bhfomhír (a), (b) nó (c) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

9. Ní dhéanfaidh an tUachtarán, má cheanglaítear air nó uirthi faoi mhír 8 fianaise a thabhairt, tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas nó tuillteanais cuspóirí aon bheartais den sórt sin a cheistiú nó tuairim a nochtadh i dtaobh na dtuillteanas sin.

10. Déanfaidh an tUachtarán, ó am go ham, agus aon uair a iarrfar air nó uirthi amhlaidh, cuntas ar chomhlíonadh fheidhmeanna na hInstitiúide a thabhairt do Choiste de Theach den Oireachtas nó de dhá Theach an Oireachtais agus beidh aird ag an Uachtarán ar aon mholtaí ón gCoiste sin is iomchuí maidir leis na feidhmeanna sin.”.

**51.**—Leasaítear alt 2 den Acht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Leasú) 1994—

Leasú ar alt 2 den Acht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Leasú) 1994.

(a) in alt 2(1), trí “tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás,” a chur isteach i ndiaidh “leis an Aire” agus

(b) in alt 4(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) ainmneoidh an Coiste Gairmoideachais seisear, nach comhalta d’fhoireann coláiste de réir bhrí na *nAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006* nó d’fhoireann na hInstitiúide aon duine díobh;”.

#### CUID 4

#### ILGHNÉITHEACH

**52.**—Leasaítear Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 1971—

Leasú ar Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 1971.

(a) in alt 1(1), tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “foras ard-oideachais”:

“ciallaíonn ‘foras ard-oideachais’ aon cheann díobh seo a leanas:

(a) ollscoil,

(b) coláiste ollscoile,

(c) coláiste lena mbaineann na *hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006*,

(d) Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath,

(e) Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn,

(f) an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha,

(g) Acadamh Ríoga na hÉireann,

(h) cibé forais oideachais a ainmneofar le hordú faoi alt 5;”,

(b) in alt 3—

(i) i mír (e), trí “a dhaonfhlathú,” a chur in ionad “a dhaonfhlathú,” agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur i ndiaidh mhír (e):

“(f) dlús a chur leis an tsármhaitheas a bhaint amach agus a chothabháil san fhoghlaim, sa mhúineadh agus sa taighde san ardoideachas.”,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 3:

“Ordacháin ón Aire.

3A.—(1) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, ordacháin bheartais a eisiúint don Údarás i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht seo i leith Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath nó coláiste lena mbaineann *na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006*.

(2) Féadfaidh an tAire le hordachán i scríbhinn ordachán faoin alt seo (lena n-áirítear ordachán faoin bhfo-alt seo) a leasú nó a chúlghairm.”,

(d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 4:

“Dualgas ginearálta maidir le haidhmeanna náisiúnta.

4.—Ag comhlíonadh a fheidhmeanna don Údarás, beidh aird aige ar na haidhmeanna náisiúnta atá ann rannchuidiú an ardoideachais le dul chun cinn sóisialach agus eacnamaíoch a uasmhéadú, an Ghaeilge a aisiriú agus an tsaíocht náisiúnta a chaomhnú, agus féachfaidh sé le cabhrú leis na haidhmeanna sin a chur i gcrích.”,

(e) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 5:

“Forais ardoideachais a ainmniú.

5.—(1) Féadfaidh an tAire aon tráth, comhlacht a cheapadh, a molfaidh an tÚdarás a chomhaltas agus a mbeidh saineolaithe idirnáisiúnta agus saineolaithe náisiúnta ann, lena n-áirítear fostaithe de chuid foras ardoideachais lena mbaineann an tAcht seo, chun comhairle a chur ar an Údarás i dtaobh ar chóir, ag féachaint do chuspóirí agus d’fheidhmeanna foras ardoideachais atá ann faoi láthair, foras oideachais a ainmniú mar fhoras ardoideachais.

(2) Ar chomhairle an chomhlachta agus ar mholadh ón Údarás, ach faoi réir fho-alt (3), féadfaidh an tAire, le hordú, a shocrú go n-ainmneofar foras mar fhoras ardoideachais chun críocha an Achta seo, agus, ar an ordú sin a dhéanamh, beidh sé arna ainmniú dá réir sin.

(3) Ní dhéanfaidh an tAire ordú faoi fho-alt (2) mura rud é gur chuir sé faoi deara dréacht den ordú a bheartaítear a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag an dá Theach.”

(f) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 12:

“Íocaíochtaí do dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta. 12A.—(1) Féadfaidh an tÚdarás íocaíochtaí a dhéanamh le duine a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta d’fhonn a chumasú don duine sin na seirbhísí sin a sholáthar nó cabhrú leis nó léi iad a sholáthar.

(2) Déanfar aon íocaíocht den sórt sin ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an Údarás.

(3) Chun críocha an ailt seo, ciallaíonn “duine a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta” comhlacht ar dá chuspóirí ardoideachas a fhorbairt agus tacú leis agus a dhéanfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, a ainmniú mar chomhlacht a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis.”

agus

(g) sa Sceideal—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (2) de mhír 4:

“(2) Ceapfar gnáthchomhalta den Údarás go ceann téarma nach faide ná 5 bliana agus féadfar a cheapachán a athnuachan go ceann téarma breise nach faide ná 5 bliana, ach tar éis 2 théarma as a chéile in oifig, cibé fad a bheidh iontu, ní bheidh sé incheaptha arís go dtí go mbeidh tréimhse 2 bhliain caite.”

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 23:

“24. Scoirfidh na gnáthchomhaltaí den Údarás a bhí i seilbh oifige díreach roimh thosach feidhme na míre seo de bheith i seilbh

oifige ar an tosach feidhme sin, ach, d'ainneoin aon ní i mír 4(2) (arna hionadú leis *an Acht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006*), beidh aon chomhalta den sórt sin inathcheaptha go ceann téarma nach faide ná 5 bliana mar chomhalta den Údarás.”.

Leasú ar Acht na  
nOllscoileanna  
1997.

**53.**—Leasaítear Acht na nOllscoileanna 1997—

(a) in alt 24—

(i) i bhfo-alt (1), trí “, agus is é nó í an duine a cheapfar amhlaidh oifigeach cuntasafóchta na hollscoile” a scriosadh, agus

(ii) trí fho-alt (2) a scriosadh, agus

(b) sa Cheathrú Sceideal, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 7:

“8. Aon uair a cheanglóidh an Coiste de Dháil Éireann arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus chun tuarascáil a thabhairt orthu do Dháil Éireann ar an bpríomhoifigeach déanamh amhlaidh, tabharfaidh sé nó sí fianaise don Choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a taifeadadh nó a cheanglaítear a thaifeadadh in aon leabhar nó in aon taifead eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus a cheanglaítear, leis an Acht seo, ar an ollscoil a ullmhú,

(b) barainneacht agus éifeachtúlacht na hollscoile i dtaca le húsáid a hacmhainní,

(c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an ollscoil chun éifeachtacht a cuid oibríochtaí a mheas, agus

(d) aon ní a dhéanann difear don ollscoil dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d’Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sé le ní a shonraítear i bhfomhír (a), (b) nó (c)) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

9. Ní dhéanfaidh príomhoifigeach, má cheanglaítear air nó uirthi faoi mhír 8 fianaise a thabhairt, tuillteanais aon bheartais de chuid

an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas nó tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin a cheistiú nó tuairim a nochtadh i dtaobh na dtuillteanas sin.

10. Déanfaidh príomhoifigeach ó am go ham, agus aon uair a iarrfar air nó uirthi amhlaidh, cuntas ar chomhlíonadh fheidhmeanna na hollscoile a thabhairt do Choiste de Theach den Oireachtas nó de dhá Theach an Oireachtais agus beidh aird ag an bpríomhoifigeach ar aon mholtaí ón gCoiste sin is iomchuí maidir leis na feidhmeanna sin.”.

54.—Leasaítear Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999—

Leasú ar Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999.

(a) trí fho-alt (5) d’alt 50 a scriosadh, agus

(b) sa Dara Sceideal, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 5:

“6. Aon uair a cheanglóidh an Coiste de Dháil Éireann arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus chun tuarascáil a thabhairt orthu do Dháil Éireann ar phríomhfheidhmeannach comhlachta iomchuí déanamh amhlaidh, tabharfaidh sé nó sí fianaise don Choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a taifeadadh nó a cheanglaítear a thaifeadadh in aon leabhar nó in aon taifead eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus a cheanglaítear, leis an Acht seo, ar an gcomhlacht iomchuí a ullmhú,
- (b) barainneacht agus éifeachtúlacht an chomhlachta iomchuí i dtaca le húsáid a acmhainní,
- (c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an comhlacht iomchuí chun éifeachtacht a chuid oibríochtaí a mheas, agus
- (d) aon ní a dhéanann difear don chomhlacht iomchuí dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d’Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sé le ní a shonraítear i

bhfomhír (a), (b) nó (c) a leagtar faoi  
bhráid Dháil Éireann.

7. Ní dhéanfaidh príomhfheidhmeannach comhlachta iomchuí, má cheanglaítear air nó uirthi faoi mhír 6 fianaise a thabhairt, tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas nó tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin a cheistiú ná tuairim a nochtadh i dtaobh na dtuillteanas sin.
8. Déanfaidh príomhfheidhmeannach comhlachta iomchuí, ó am go ham, agus aon uair a iarrfar air nó uirthi amhlaidh, cuntas ar chomhlíonadh feidhmeanna an chomhlachta iomchuí a thabhairt do Choiste de Theach den Oireachtas nó de dhá Theach an Oireachtais agus beidh aird ag an bpríomhfheidhmeannach ar aon mholtaí ón gCoiste sin is iomchuí maidir leis na feidhmeanna sin.”.

Ailt 19, 37 agus 38  
den Acht  
Gairmoideachais  
(Leasú) 2001 a  
aisghairm.

**55.**—Aisghairtear ailt 19, 37 agus 38 den Acht Gairmoideachais (Leasú) 2001.